AMÁRAĊ

3d

Guṫ na Gaeltaċta

Foillsiṫe gaċ Déardaoin.
Nuaċtán seaċtainiúil na Gaeltaċta.
Ábhar fógraíoċta agus eagarṫóireaċta ċuig:— AMÁRAĊ, Ceanannus Mór.

iml. 11. uim. 40. Dé hAoine. 19ú Samain, 1965.

EAGARFOCAL. 19-11-1965

Trí Ġaeilge

AN tSEAĊTAIN SEO CAITE, ṫugamar molaḋ do scéim Ġleanncolmcille, agus do na daoine a ṫionscnaim an scéim sin. Tá léiriú dóċais insan scéim sin do ċeantar Ġleanncolmcille agus mórṫimpeall, agus tá súil againn go n-eireóiḋ leis, i ṫaoḃ cúrsaí geilleagair de, slánú eac-namaiceaċ a ṫabairt ċuig pobal an ċeantair, san dóiġ go dtig leo a ḃeiṫ beo sa ḃaile, agus seasaṁ eacnamiceaċ réasúnta a ḃeiṫ acu. Níor ḃog Roinn, ná Rialtas, ar ndóiġ, ċun aon rud a ḋéanaṁ do Ġleanncolmcille, go dtáinig an túsiarraċt ón ṗobal féin, nó i ndáiríriḃ, is dóċa go ḃféadfaí a rá, ó ḋuine gníomaċ aṁáin, a raiḃ an tús-iarraċt ann. Tárla gur tré Ḃéarla a ṫáinig an tús-iarraċt, agus mar tacaíoċt don Ḃéarla atá na h-iarraċtaí eacnamiciúil seo i nGleanncolmcille anois.

BÍOḊ SÉ SEO MAR SOMPLA AG AN RIALTAS, agus ag na daoine ar cás leo an Ġaeltaċt. Go mion, agus go minic siad na tionsclóirí, luċt graiṫe, luċt air-gid, na daoine atá cleaċtaiṫe leis an Ḃéarla mar gnáṫeanga. Má ḟágann muid slánú na Gael-taċta nó forbairt na Gaeltaċta faoi daoine mar seo, agus níos measa arís, faoi coistí de Oifig-iġ Poiblí, agus faoi údarás cois-tí agus eagrais an Ċomairle Condae, is cinnte go ḃfuil muid ag caiṫeaṁ an Ġaeltaċt ar ṡiúl ar fad. Mar sin iad díreaċ na daoine a ṫug an Ḃéarla ċun cinn agus a ḃrúiġ an Ḃéarla síos scor-naċ gná-ṗobal na Gaeltaċta le daċad bliain. Faoi mar atá faoi láṫair, tá sé i gceist, gur ó na daoine seo a ṫiocfaiḋ gluaiseaċt forbarṫa na Gaeltaċta. Má ṫigeann sé dála mar atá sé an-ois i nGleanncolmcille, is tré Ḃéarla a ṫiocfaiḋ sé, agus beiḋ deire go deo le Gaeilge mar gnáṫeanga insan Ġaeltaċt.

MAR ADÚRAMAR ROIṀE ANSEO, b'ḟearr an rud go dtioc-faḋ an tús-iarraċt forbarṫa ón ṗobal féin, dá ḃféadfaí fanaċt leis, aċ ní féidir anaċt leis. Tá an práinn ró ṁór, agus caiṫfear a ċinntiú gur gluaiseaċt forbar-ṫa i nGaeilge a ḃéas ann, agus mar sin de, ní ceart a ḃeiṫ ag fanaċt leis an rud a ḟás ó'n ṗobal féin nuair is eol dúinn go ḃfuil trí-ċeaṫrú den ṗobal ṫall in Albain agus i Sasana, agus naċ ḃfuil fágṫa aċ fágálaí nó Ḃéarlóirí. Níl ann aċ dalla-mullóg orainn féin a ḃeiṫ a rá go gcaiṫfear fanaċt leis an tús-iarraċt a ṫeaċt ó ṗobal na Gaeltaċta. Caiṫfiḋ an tús-iarr-aċt a ṫeaċt ón ḃarr agus caiṫ-fear a ḃeiṫ cinnte gur eagrais le Gaeilge a ḃunófar. Cuirtear gléas mar atá bunaiṫe i nGleann-colmcille ar bun i Rosmuc agus i gCeaṫrú Rua, i nGaoṫ Doḃair, agus i gCloiċeannaola, láiṫreaċ bonn, agus léirítear mas féidir do ṗobal na Gaeltaċta go dtig leo saoṫrú a ḟáil ón talaṁ nó óna gabaltaisí ina gceantar féin agus déantar sin tré eagras Gaeilge. Ná fántar a ṫuilleaḋ le eagras brúite Ḃéarlóirí a ḟáil a ċuireas de iaċall ar Rialtas na gléasanna seo a ḃunú. Bun-aíotar iad anois ins na paráistí fíor Ġaeltaċta. In am leis na paráistí sin a ċoinneáil fíor-Ġaeltaċta, agus ná bímis ag

IONRAḊ AGUS LÁN CREAĊAḊ CRIOĊA NÁISIÚNTA

CABLAĊ 5000 I DTRÁILÉIRÍ SPÁINNEAĊA AG SCRIOSAḊ IASCAIREACT

GAN COSAINT DÁ LAĠAD Ó AONLONG NA hÉIREANN

DÁ MBEAḊ IONSAÍ AR AN TÍR SEO, AGUS GABÁIL LE LÁIṀ LÁIDIR A ḊÉANAṀ AR TALAṀ MEIṪ AN ṀAĊAIRE LÁIR, D'ÍONTAĊ AR FAD AN PRÁINN NÁISIÚNTA A ḂEAḊ ANN, AGUS D'ÍONTAĊ NA CEANN-TIODAIL INS NA PÁIPÉIR.

Aċ tá ionsaí agus gabáil níos measa, má tá aon rud ann, dá ḋéanaṁ san am i láṫair, ar na críoċa náisiúnta, agus níl focal faoi aċ aṁáin an méid atá á rá ag iascairí boċta na Gaeltaċta san Iarṫar.

Tá cablaċ mór tráiléirí Spáinneaċa le os cionn 5,000 fear ag creaċaḋ leo cuid críoċa iascaireaċta na hÉireann ar fud an ċosta ṫiar, gan duine ag baint díoḃṫa, nó ag cur isteaċ orṫa.

Tá na Spáinniġ ar ḋream aṁail leis na Sasannaiġ agus daoine eile, a ḃfuil cead acu teaċt isteaċ go dtí fá 6 ṁíle de na bun-línte go ceann roinnt bliain, faoi na rialaċáin nua a ṫáinig i ḃfeiḋm ar an 1ú lá de Ḋeire Fómhair, toisc go ndeirtear go raiḃ cearta traidisiúnta acu a ḃeiṫ ag iascaireaċt ar ċósta na hÉireann.

Aċ tá an 200 bád atá sa ċablaċ Spáinneaċ ag déa-naṁ neaṁ-ṡuim de na rialaċáin agus a' teaċt isteaċ go dtí an cladaċ féin, ar ċósta na Gaillimhe agus ar ċósta Ḋún na nGall.

Agus níos measa arís, deir na hiascairí go ḃfuil cuid de na lastaí éagóraċ a ṫógann siad dá gceannaċt ag Bord Iascaiġ Ṁara ins na monarcain próiséisiṫe ag na Cealla Beaga agus Gaillimh.

Sé bun agus bárr an scéil naċ ḃfuil cosaint dá laġ-ad dá ḟáil ag iascairí na hÉireann ón long "Maċa" i gCorcaí, a ḃfuil sé mar cúram uirṫí patrol a ḋéanaṁ ar cósta iomlán na hÉireann.

Siad na gearáin is mó atá ag na hiascairí, nó:

1, Naċ ḃfuil siad a ḟáil cosaint ar biṫ ar iascair-eaċt na hÉireann taoḃ istiġ, fiú de na 6 ṁíle óna bun-línte.

2, Go ḃfuil Bord Iascaiġ Ṁara ag glacaḋ éisc de lastaí na dtráiléirí Spáinneaċa atá ag bradáil.

3, Tá na tráiléirí seo abálta an t-iasc a ḋíol níos saoire leis na stáisiúin próiséisiṫe le costaisí níos lú orṫa, agus iad abálta i ḃfad níos mó éisc a ṫógáil.

Níl aċ tráiléirí beaga i mbá-daí na hÉireann, le criúanna de cúigear nó mar sin. Bádaí móra doiṁin ḟarraige bádaí Spáinne le criúanna suas go dtí 25, aċ comluċtaí móra atá ag oibriú na gCablaċ.

SCÉALA

Tá timpeall 112 bádaí de ċuid na hÉireann i gceist, agus tim-peall 100 atá go lán-aimsireaċ ag obair ar an iascaireaċt.

Ċeana féin, ċuaiġ uainéirí ⁊ luċt oibre an 12 tráiléirí atá ag obair amaċ as Gaillimh le ċéile in Comar-Ċumann Iascairí na Gail-liṁe, agus tá siad ag tabairt tuairisc láiṫreaċ ar uair ar biṫ a ṫig tráiléirí iasaċta taoḃ istiġ de na línte.

Aċ, goidé an ṁaiṫ é sin nuair atá an "Maċa" 100 míle ar ṡiúl, agus gan an dara gléas cosanta ann.

Tá 50 tráiléirí ag na Cealla Beaga, an 30 atá ag an Daing-ean agus an 20 atá ag Baile Ċaisleán Béarra, ag braṫ an rud céanna a ḋéanaṁ, aċ, arís, cé'n ṁaiṫeas é sin, má ṫig trí nó ceiṫre tuairiscí isteaċ ó áiteaċa éagsúla goidé tá foireann an Ṁaċa dul a ḋéanaṁ?

COSAINT

Dúirt ball de Ċomar Ċumann Iascairí na Gailliṁe, Seán Ó Congaile, go poiblí — Caiṫfimíd eagras a ḃeiṫ againn, agus caiṫ-fimíd guṫ a ḃeiṫ againn ar Boird, cosúil le Boird na bPort-anna, le muid féin a ċosaint. Tá na Spáinniġ ag iascaireaċt leo, aṁail is naċ dearnaḋ na h-ord-aiṫe ċor ar biṫ.

CEANNAIĠ EARRAÍ ÉIREANN!

Dúirt Seosaṁ Ó Súilleaḃáin, Bainisteoir Margaíoċta, Bord Iascaiġ Ṁara: "Níor ċuala muid iomrá ar briseaḋ ná sárú ár críoċa teoranta, aċ, níl cúis ar biṫ againn gan a ċreideáil naċ ḃfuil siad ann. Tugann muid tús-áiṫe i gcónaí do iascairí na h-áite, aċ má tá an t-iasc beag, nó muna ḃfuil go leor, sé ár bpolasaí an ċuid eile den iasc a ḟáil ó áiteaċa eile.

GO TAPAIḊ

Scéal cinnte é go gcaiṫfear rud éigin a ḋéanaṁ go tapaí, len ár gcríoċa farraige a ċosaint, nó millfear agus scriosfar iad ar fad. Agus tá na críoċa sin ċom luaċmar dúinn le cuid ṁaiṫ den talaṁ. Is mór an racán a tógaḋ nuair a ḃí am ann agus go raiḃ an talaṁ á ċeannaċt ag daoine as tíorṫa eile. Is measa i ḃfad é go ḃfuil ár gcríoċa ias-caireaċta á gcreaċaḋ anois, nu-air is luaċṁaire atá an iascair-eaċt ag éirí.

Caiṫfear gléas ceart cosanta a ċur i ḃfeiḋm gan ṁoill.

EAGRAS DON ĠAELTAĊT

Ḃí práinn ṁór le eagras láid-ir fuinniúil sa Ġaeltaċt, sa gcaoi go dtiocfaḋ le pobal na Gael-taċta tairḃe ḟáil as forbairt eacnamiceaċ agus soisealaċ — adúirt Dónal Ó Móráin, ag cruinniú den Cumann Éigse agus Seanċas, i gColáiste Ollscoile na Gailliṁe. Dár leis gur ċeart na portanna beaga a ḟorbairt, ⁊ bádaí nua, nó dara láiṁ. a ṫab-airt do na hiascairí ṫart timp-eall na bportanna beaga seo, fá ċoinne iascaireaċt gliomaċ, nó ḃí margaḋ maiṫ fá ċoinne slig-éisc ar an Ṁór Roinn, adúirt sé.

Slánú na Gaeltaċta taréis bás na Gaeilge mar gnáṫeanga, cos-úil le mar atá i nGleanncolm-cille san am i láṫair.

NÓ AN AṀLAIḊ GURB Í SCÉAL NA GAELTAĊTA, dála scéal na hÉireann uair, nó ró-ḃeagán, agus ró ṁall, i gcónaí. Tá an aiméar ann anois, le gléas oibre mar atá i nGleanncolm-cille a ḃunú ins na paráistí Gael-taċta eile. Na ligtear an aim-éar in aiṁréiḋ.

TÁRṪAIL AN IARṪAIR

EAGRAS GRÍOSAIṪE AG GNÍOMÚ

D'OSCAIL MIĊEÁL UASAL Ó GALLĊOḂAIR, CAṪAOIRLEAĊ CONDAE MUINTIR NA TÍRE, SEAĊTAINE TUAIṪE ṀUIĠEO I MBAILE AN RÓBA. DÚIRT SÉ GUR FAOI ĊOIMIRCE MUINTIR NA TÍRE AGUS BANTRAĊT NA TUAIṪE A ḂÍ AN ÓCÁID SEO ANN.

Labair Seán Ó hEalaiġ, Traċtaire Polaitiúil, faoi "Need for a Western Lobby." Ḃí tuairim-ċnuasaċt ar feilméireaċt caoraċ.

Dúirt an tUasal Ó hEalaiġ go raiḃ an rud ar tugaḋ "tough and articulate Western lobby" ag brú slánú an Iarṫair. Ní raiḃ ann aċ eagras scaoilte go dtí seo, aċ ḃí an t-am ann anois le dlúṫú agus có-éagrú

Ḃí oiread réiteaċ do ḟadḃan-na an Iarṫair agus a ḃí do ḋaoine ag éileaṁ go ndéanfaí tárṫáil ar an Iarṫair.

Ċuir siad os coṁair an náis-iúin gur gá fadḃanna an Iar-ṫair do réiteaċ. Ṡaoṫraiġ siad dea-ṫoil an ṗobail dó go dtí go raiḃ an pobal ar fud na tíre im-níoċ go ndéanfaí rud éigin don Iarṫar. Ní ḃeaḋ le déanaṁ anois aċ plean ar leiṫ a ṁolaḋ le dúṡ-raiṫe leaṫan.

Oíċe Ċéadaoine, labair Seoir-se Ó Colla, T.D., Aire Oideaċas, faoi Oideaċas fé'n dTuaiṫ.

FIOSRÚ FÁ CÉIḂ

Fuair F. Ó Cuagáin, T.D., litir ó Roinn na Gaeltaċta, á rá go dtug an Rúnaí Pairliminte do Aire na Gaeltaċta treoir tag-airt don litir a scríoḃ an tUas. Ó Cuagáin, ar an 28ú lá de Ḋeire-Fómhair, faoi soláṫar céiḃ ag Ó Mianaiġ, agus a rá go raiḃ an scéal á ḟiosrú. Dúraḋ go raiḃ obair ag dul ċun cinn ag feaḃsú na n-aiseanna ag Eanaċ Ṁeáin, ⁊ Pointe Ċiaráin.

Táṫar ag fiosrú feaḃas a ċur ar aiseanna leandála eile ag An Cnoc, Leitir Meallain, Cual-ann, Leitir Meallain, Calaċ Gólaiṁ, Gorumna, Pier Pádaí Seaic, Gorumna, Ard Ṁór, Scan-naiṁ, Glinsc. Cill Ċiaráin, Cár-na, Loċán Beag, Muiġros, Cnoc Báiġ, Portaċ agus Rosmuc. Céiḃ-eanna atá go léir ar ċlár oibre Oifig na nOibreaċa Poiblí fá ċoinne suirḃé a ḋéanaṁ orṫa.